

TUARASCÁIL

BHLIANTÚIL 2017



Legal Aid Board

An Bord Um Chúnammh Dlíthiúil



Misean

Is é an misean atá againn ná cúnamh dlíthiúil agus seirbhís idirghabhála gairmiúil, éifeachtúil, éifeachtach ó thaobh costais de agus inrochtana a sholáthar de réir théarmaí ár sainordaithe reachtúil.

Fís

Is í an fhís atá againn ná rochtain ar cheartas a éascú trí chúnamh dlíthiúil agus comhairle agus seirbhísí idirghabhála teaghligh a sholáthar ar bhealach atá i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Luachanna

- Ardchaighdeán ghairmiúla maidir le soláthar dár seirbhísí.
- Freagrúlacht d'éilimh chustaiméara agus pháirtithe leasmhara eile atá ag athrú de réir a chéile agus a bheith oscailte don athrú seo.
- Ardchaighdeán eiticiúla.
- Ceannasaíocht éifeachtach ag gach leibhéal.
- Éifeachtacht chostais agus luach ar airgead.
- Socruithe éifeachtacha freagrachta le béim ar fheidhmíocht eagraíochtúil agus ar bhainistíocht riosca ghníomhach.

Clár Ábhair

Clár Ábhair

Forbhreathnú	1
Brollach an Chathaoirligh	7
An Bord	9
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	12
Príomhfhorbairtí i 2017	15
Seirbhísí curtha ar fáil i 2017	16
Cúnamh Dílíthiúil Sibhialta	16
Abhaile – Tacaíochtaí Riaráistí Morgáiste Saor in Aisce	26
Seirbhísí um Chosaint Idirnáisiúnta	27
Idirghabháil Teaghlaigh	32
Cúnamh Dílíthiúil Coiriúil	40
Ag Tacú le Seachadadh Seirbhíse.....	45

Forbhreathnú

1. Feidhm agus Cuspóir

Is é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an comhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as **cúnamh dlíthiúil sibhialta agus comhairle** a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil acmhainní measartha acu, i gcomhréir le forálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 (“an tAcht”). Leasaíodh an tAcht le hAlt 54 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 lenar tugadh an fhreagracht bhreise don Bhord seirbhís **idirghabhála teaghlaigh** a sholáthar. Tá sainchúram an Bhoird á leathnú tuilleadh faoi láthair, i ndiaidh chinneadh an Rialtais in 2010, chun bainistíocht agus riar na scéimeanna éagsúla um **chúnamh dlíthiúil coiriúil** a chuimsiú ann, a bhí á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas roimhe seo. Aistríodh an fhreagracht as riar Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí agus as an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta (Scéim an Ard-Aighne roimhe seo) agus as riar Scéim Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chuig an mBord.

Is éard atá i **gcomhairle dlí**, i dtaobh shainchúram an Bhoird i gcásanna sibhialta, ná comhairle ar bith ó bhéal nó i scríbhinn a thugann aturnaie nó abhcóide, lena n-áirítear litreacha a scríobh agus idirbheartaíochtaí a dhéanamh.

Is éard atá i **gcúnamh dlíthiúil** ná nuair a dhéanann aturnaie nó abhcóide ionadaíocht thar ceann duine in imeachtaí cúirte. Ní mór do dhuine deimhniú um chúnamh dlíthiúil a fháil ar dtús, ina sonraítear na seirbhísí dlí atá á ndeonú, agus, i gcásanna sibhialta, ní mór dó/di an ranníocaíocht um chúnamh dlíthiúil a shonraítear sa deimhniú a íoc. Déantar seirbhísí dlí a sholáthar thar raon fairsing cúrsaí dlí shibhialta.

2. Soláthar Seirbhíse

Is trí **líonra d'ionaid dlí** a chuireann aturnaie atá fostaithe ag an mBord, cúnamh dlíthiúil agus comhairle shibhialta ar fáil go príomha. Tá 30 ionad lánaimseartha agus 12 ionad páirtaimseartha ann. Is féidir sonraí teagmhála d'ionaid dlí an Bhoird a fháil ar www.legalaidboard.ie. Soláthraíonn aturnaie seirbhísí freisin i gcleachtas príobháideach atá fostaithe ag an mBord ar bhonn cás ar chás.

Tá speisialtacht um **chosaint idirnáisiúnta** in ionaid dlí ar leith i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh agus tá aonaid thiomnaithe freisin ann i mBaile Átha Cliath, a bhíonn ag plé le cásanna **díobhála pearsanta** agus/nó **faillí leighis** agus cásanna maidir le **leanaí atá i mbaol**.

Feidhmíonn an Bord **Ionad Cáipéisíochta Dídeanaithe** speisialaithe, freisin, a chuireann seirbhís ghairmiúil agus neamhspleách

taighde agus leabharlaine ar fáil do na príomhchomhlachtaí ar fad a bhfuil baint acu sa phróiseas um chosaint idirnáisiúnta.

Soláthraítear seirbhísí **idirghabhála teaghlaigh** trí ocht n-oifig lánaimseartha agus naoi n-oifig pháirtaimseartha.

Cuireann aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha na seirbhísí ar fáil sna trí scéim um chúnamh dlíthiúil coiriúil ad-hoc atá faoi shainchúram an Bhoird faoi láthair – Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí, agus an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta agus Scéim um Chúnamh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

3. Seirbhísí Dlí um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta a fháil

Ní mór do dhuine atá ag lorg seirbhísí dlíthiúla i gcásanna sibhialta, iarratas a dhéanamh ar aon cheann d'ionaid dlí an Bhoird agus foirm iarratais a chomhlánú, ina sonraítear an t-ábhar lena mbaineann an t-iarratas ar chomhairle dlí agus/nó ar chúnamh dlíthiúil agus ina dtugtar sonraí faoi ioncam agus aon acmhainní caipitil.

Lorgaíonn an Bord a chinntiú go ndéanfar coinne le haturnae a chur ar fáil do dhuine a cháilíonn i gcomhair cúnamh dlíthiúil sibhialta (seirbhísí dlí) taobh istigh de thréimhse uasta de cheithre mhí ón uair a dhéantar an t-iarratas a chur i gcrích nó go ndéanfar comhairle dlí a chur ar fáil dó/di níos luaithe mura féidir seirbhísí iomlána dlí

a sholáthar laistigh de cheithre mhí. I gcásanna áirithe, cuirtear seirbhís tosaíochta ar fáil, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, iarratais ón Stáit (Tusla) chun leanaí a thógáil i gcúram nó faoi mhaoirseacht agus cásanna lena mbaineann teorainneacha ama reachtúla atá le dul in éag go gairid.

4. Incháilitheacht do agus Íocaíocht as Seirbhísí Dlí um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta

Tá critéir incháilitheachta airgeadais ann a chaithfidh an chuid is mó de na hiarratasóirí cúnamh dlíthiúil sibhialta a chomhlíonadh d'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh seirbhísí dlí. Ina theannta sin, bíonn sé ina choinníoll, i bhformhór na gcásanna, go n-íocann an t-iarratasóir ranníocaíocht airgeadais as na seirbhísí dlí a chuireann an Bord ar fáil agus níl siad 'saor in aisce', dá bharr. Déantar an ranníocaíocht um chomhairle dlí a mheas bunaithe ar ioncam indiúscartha an iarratasóra, i.e. ioncam tar éis asbhaintí áirithe. Déantar an ranníocaíocht um chúnamh dlíthiúil a mheas bunaithe ar ioncam indiúscartha agus ar chaipiteal indiúscartha an iarratasóra. Is é an ranníocaíocht is lú ná €30 ar chomhairle dlí agus €130 ar chúnamh dlíthiúil. Níl aon táille le híoc ag iarratasóirí a bhfuil comhairle agus/nó ionadaíocht á lorg acu i gcásanna (ina bhfuil baint ag Tusla) go dtabharfar a leanaí faoi chúram nó faoi mhaoirseacht. Ag deireadh 2017 shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais rialacháin chun an

ranníocaíocht iníoctha i gcásanna foréigean baile sa Chúirt Dúiche a bhaint. Tugann an t-ionad dlí comhairle do dhuine faoin ranníocaíocht iarbhír i ngach cás aonair. I gcás go n-aisghabháil duine airgead nó maoin a eascraíonn ón gcás, féadfaidh an Bord iarradh ar an gcostas a bhí ar sheirbhísí dlí a sholáthar don chliant a aisghabháil

5. Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh a fháil

Ní mór do dhuine a dteastaíonn idirghabháil uaidh chun cabhrú le fadhb theaghlaigh a réiteach iarratas a dhéanamh ar aon chinn d'oifigí idirghabhála teaghlaigh an Bhoird. Is féidir sonraí teagmhála d'oifigí idirghabhála teaghlaigh an Bhoird a fháil ar www.legalaidboard.ie. Ní mór don dara páirtí teagmháil a dhéanamh leis an oifig chéanna freisin, lena dheimhniú go bhfuil spéis aige/aici chun freastal ar idirghabháil. Uair agus atá sé deimhnithe ag an dá pháirtí gur mian leo idirghabháil a dhéanamh, cuirfear coinne ar fáil dóibh a luaithe agus is féidir. Ní gá don iarratasóir critéir cháilitheachta airgeadais a chomhlíonadh agus ní ghearrtar aon mhuirear don tseirbhís.

6. Scéimeanna Ad Hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Tá cúig scéim chúnamh dlíthiúil coiriúil ann, agus astu sin, tá trí chinn á riaradh ag an mBord.

D'fhéadfadh daoine atá faoi choinneáil faoi reachtaíocht áirithe i Stáisiún na

nGardaí i dteideal comhairle dlí a fháil faoi Scéim Leasaithe Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí ar an nguthán agus/nó ar bhonn comhairliúcháin duine ar dhuine i stáisiún na nGardaí. Chomh maith leis sin, b'fhéidir go mbeidh siad i dteideal comhairle dlí a fháil trí atur nae a fhreastalóidh leo ar agallaimh an Gharda Síochána. Beidh ar dhuine a lorgaíonn comhairle dlí faoi Scéim Leasaithe Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí a n-iarratas a dhéanamh leis an Oifigeach Coimeáda i Stáisiún na nGardaí ina bhfuil siad á choimeád. Ní mór dó an Fhoirm Iarratais chaighdeánach a chomhlánú agus sonraí a sholáthar faoina maoin airgeadais lena chinntiú go sásaíonn siad an tairseach incháilitheachta airgeadais.

Leis an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeáda, soláthraítear do chostais dhlíthiúla a íoc ar mholadh ón gCúirt don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil i gcineálacha áirithe dlíthíochta nach gcumhdaítear leis an scéim cúnámh dlíthiúil sibhialta nó leis an bpríomhscéim um chúnamh dlíthiúil coiriúil. Beidh ar dhuine a lorgaíonn ionadaíocht dhlíthiúil faoin Scéim fógra a thabhairt don Chúirt ábhartha ag an tráth is luaithe is féidir go bhfuil sé beartaithe aige iarratas a dhéanamh ar fhorálacha na Scéime. Déanfaidh an Chúirt cinneadh, ina dhiaidh sin, cibé acu ar cheart nó nár cheart moladh a dhéanamh don Bhord chun cúnámh dlíthiúil a dheonú. Is ceist don Bhord ansin í cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le téarmaí na Scéime, cibé acu an cúnámh dlíthiúil a dheonú nó a dhiúltú faoin Scéim.

Soláthraíonn Scéim Ad-hoc an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB) go ndéanfar íocaíochtaí maidir le costais dhlíthiúla áirithe i gcineálacha áirithe dlíthíochta bunaithe ar chinneadh na Cúirte. Áirítear orthu seo, ach níl siad teoranta dóibh, cásanna ina bhfuil an duine mar Fhreagróir in aon imeachtaí cúirte a thionscain an Biúró um Shócmhainní Coiriúla faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, Achtanna Ioncaim nó faoin reachtaíocht Leasa Shóisialaigh. Beidh ar dhuine a lorgaíonn ionadaíocht dhlíthiúil faoin Scéim fógra a thabhairt don Chúirt ábhartha ag an tráth is luaithe is féidir.

Táthar ag súil go bhfoilseofar go gairid reachtaíocht a fhorálann d'aistriú na príomh-Scéime um Chúnamh Dlíthiúil chuig an mBord.

Soláthraítear tuilleadh sonraí faoi na trí scéim ad hoc a riarann an Bord agus an toradh do 2017 níos déanaí sa Tuarascáil.

7. Ceannoifig

Tá ceannoifig an Bhoird lonnaithe i gCathair Saidhbhín, Contae Chiarraí. Déantar roinnt feidhmeanna ceannoifige i mBaile Átha Cliath.



8. Rialachas Corparáideach

Leis an Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995 déantar foráil do Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta a cheapadh don Bhord. Ceapadh an Bord reatha ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Frances Fitzgerald TD, a bhí ina Thánaiste an 8 Samhain 2016. Tá ballraíocht an Bhoird leagtha amach ar leathanach 5.

Tá an Bord reachtúil freagrach as:

- treo straitéiseach na heagraíochta;
- cinneadh a dhéanamh maidir le beartas agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme;
- maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú cuí agus éifeachtach na heagraíochta;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta airgeadais éifeachtacha agus cuntasacht a sholáthar;

- buiséid a fhorpheas agus monatóireacht a dhéanamh orthu; agus
- cinntí áirithe forchoimeáda a dhéanamh.

Rinneadh athbhreithniú ar an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* i 2016 agus d'athraigh an Bord a Lámhleabhar Rialachais Chorporáidigh i mí na Samhna 2016, chun na ceanglais bhreise a léiriú. Leanann an Bord ag cloí leis na caighdeáin rialachais chorporáidigh a leagtar amach sa leagan nuashonraithe den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*. Áirítear leis seo: -

- ar leibhéal an Bhoird, seacht gcoiste a úsáid chun cuidiú leis a chuspóirí a bhaint amach agus a chuid freagrachtaí a

chomhlíonadh go héifeachtúil (féach thíos);

- deighilt shainmhínithe de róil idir an Bord, an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach;
- tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire a chomhlíonann le riachtanais an Chóid;
- feidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn go héifeachtach agus de réir mar is gá; agus
- cód iompair a chuimsíonn nósanna imeachta chun déileáil le haon choinbhleacht leasa.

I 2017, thionóil an Bord 11 chruinniú Boird, bhí sé chinn i mBaile Átha Cliath, trí cinn i gCathair Saidhbhín, ceann amháin i gCorcaigh agus ceann amháin i nGaillimh.

Is é seo a leanas an tinreamh ag an 11 cruinniú i 2017:

Ball	Líon na gcrúinnithe	Ball	Líon na gcrúinnithe
An tUasal Philip O'Leary (Cathaoirleach)	11	An tUasal Gordon Jeyes	10
An tUasal Anne-Marie Blaney	10	An tUasal Maurice Lawlor	11
An tUasal Tom Brennan	8	An tUasal Freda McKittrick	11
An tUasal Deirdre Burke	9	An tUasal Michael O'Connell	10
An tUasal Nuala Egan*	4	An tUasal Evelyn O'Connor	11
An tUasal David Gilbride **		An tUasal Ellen O'Malley Dunlop	11
An tUasal Nuala Jackson	8		

* Ceapadh an tUasal. Nuala Egan ar an mBord i mí Feabhra 2017

**D'éirigh an tUasal. David Gilbride as an mBord i mí Iúil 2017

Tháinig coistí an Bhoird le chéile mar seo a leanas i 2017

Coiste	Líon na gCruinnithe
An Coiste Achomhairc	13
An Coiste Iniúchta & Riosca	6
An Coiste Idirghabhála Teaghlaigh	5
An Coiste Airgeadais:	8
An Coiste um Acmhainní Daonna	4
An Coiste Feidhmíochta	2
An Coiste Beartais agus Athchóirithe	4

Úsáideann an Bord lámhleabhar rialachais chorparáidigh inmheánach chun achoimre soiléir agus cuimsitheach a sholáthar ar phríomhghnéithe rialachais chorparáidigh mar a théann siad i bhfeidhm ar an mBord agus ar bhainistíocht shinsearach. Tá baill an Bhoird curtha ar an eolas go hiomlán maidir lena bhfreagrachtaí dlí agus tá siad eolach faoi fhorálacha reachtúla a bhaineann lena seasamh agus leis na príomhcheisteanna eagrúcháin, beartais agus straitéisí a chuireann faisnéis ar fáil dá ról.

I gCoiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird, cuimsítear ball seachtrach neamhspleách amháin, an tUasal Kieran Corcoran, de réir riachtanais an Cóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Bhí íocaíocht agus neamhíocaíocht na dtáillí do bhaill an Bhoird ag teacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Mar a luadh roimhe seo, d'fhoilsigh an Rialtas leagan nuashonraithe den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a foilsíodh i mí Lúnasa 2016. Maidir leis seo, shonraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go rabhthas ag súil go mbeadh comhlachtaí Stáit ag comhlíonadh go hiomlán le tréimhsí tuairiscithe airgeadais dar tosach an 1 Meán Fómhair 2016 nó dá éis.

Roghnaigh an Bord um Chúnamh Dílíthiúil a bheith ina uchtaitheoir luath den Chód nua agus chur sé a fhorálacha maidir lena Ráitis Airgeadais i bhfeidhm don tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016.

Leis an gCód Cleachtais, ceanglaítear gur cheart meastóireacht sheachtrach a bheith comhréireach le méid agus le riachtanais an chomhlachta Stáit a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad. Ag teacht leis an gceanglas seo, cuireadh tús le hathbhreithniú seachtrach ar an mBord um Chúnamh Dílíthiúil sa ráithe deiridh de 201



Brollach an Chathaoirligh

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil 2017 den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil a chur i láthair.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2017 i gceann de phríomhchuspóirí an Bhoird, is é sin comhtháthú na nIonad Idirghabhála Teaghlaigh leis na hIonaid Dlí. D'oscail an Bord a dara oifig chomh-suiteáilte i nDún Dealgan, Co. Lú i gcaitheamh na bliana. Ag deireadh na bliana bhí dul chun cinn déanta i dtreo suíomh comhchoiteanna i gceithre shuíomh eile. Cuirim fáilte roimh na forbairtí seo, rud a léiríonn tiomantas leanúnach an Bhoird maidir le hidirghabháil a dhéanamh mar rogha traidisiúnta seachas mar rogha malartach maidir le réiteach díospóidí sa réimse dlí teaghlaigh. Tá forbairt chomhsuiteála tráthúil freisin mar gheall ar rith an Achta Idirghabhála 2017 a bhfuil forálacha suntasacha aige chun feabhas a chur ar ghlacadh le hidirghabháil mar rogha réiteach díospóide.

Tá áthas orm a thabhairt faoi deara gur tháinig laghdú beag ar líon na ndaoine a bhí ag fanacht le seirbhísí dlí ag ionaid dlí an Bhoird ag deireadh 2017 i gcomparáid le tús na bliana. Ag deireadh 2017 bhí 1,776 duine ag fanacht le haghaidh seirbhísí dlí. Ba é seo an cúigiú bliain i ndiaidh a chéile ina raibh laghdú (ó níos mó ná 5,000 in 2013) agus tá an Bord tiomanta don móiminteam dearfach seo a choinneáil. Táim ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn a fheiceáil sa phríomh-mhéadrach feidhmíochta seo.

Leanann an timpeallacht dhlíthiúil ag forbairt mar fhreagra ar dhúshlán shochoaíocha. Tá fáilte mhór roimh an t-athchóiriú atá beartaithe ar an dlí maidir le soláthar caomhnóirí-ad-litem i gcásanna cúraim leanaí an dlí poiblí. Tacaím go láidir le rannpháirtíocht leanúnach an Bhoird le páirtithe leasmhara tábhachtacha i réimse cúram leanaí an dlí phoiblí lena chinntiú go soláthróimid an córas is fearr agus na torthaí is fearr do na leanaí agus do theaghlaigh a bhfuil tionchar acu orthu agus cuirfimid fáilte roimh aon deis chun a leithéid a dhéanamh i réimse an dlí phríobháidigh chomh maith.

Le linn 2017, bhí ról lárnach ag an mBord maidir le seachadadh na Scéime Abhaile. Cuireadh an Scéim seo ar bun i 2016 chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ar dhaoine atá i riaráistí morgáiste agus atá i mbaol a dtithe a chailleadh. Ba é 2017 an chéad bhliain iomlán den Scéim agus sa tuarascáil seo tá sonraí suimiúla maidir le dul chun cinn na Scéime, go háirithe maidir le hiarratais ar Athbhreithniú Dócmhainneachta Pearsanta a rinneadh chuig an gCúirt Chuarda.

Aithníonn an Bord an gá atá le measúnú leanúnach a dhéanamh agus forbairt a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann sé a sheirbhísí ar fáil d'fhonn a bheith

sofhreagrach do riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí. Maidir leis seo, chuir an Bord tús le tionscadal 'samhail' oifige i 2017, a bheidh ina lárionad nuálaíochta do thriall a bhaint as athruithe ar an gcaoi a bpléann an Bord le custaiméirí agus le comhlachtaí eile san earnáil Dlí agus Cirt chomh maith leis an earnáil phoiblí agus dheonach níos leithne. Is é an suíomh a roghnaíodh don tionscadal seo ná Cill Chainnigh, a bheidh ina oifig comhshuite le linn 2018. Tá sé i gceist go ndéanfar na nuálaíochtaí a aimsíodh gur éifeachtúil iad i gCill Chainnigh, a rolladh amach ar bhonn náisiúnta ar mhaithe le leas na gcustaiméirí. Mar eagraíocht ní mór dúinn a fhoghlaim conas le hathrú a bhainistiú agus a nuáil inár múnla seachadta seirbhíse chun na torthaí is fearr a bhaint amach don úsáideoir seirbhíse. Mar ghné amháin eile den tionscnamh seo, ba mhaith liom a fheiceáil go gcuirtear feabhas ar chumas taighde. Creidim gur féidir le taighde níos fearr cabhrú linn ár seirbhísí féin a fheabhsú chomh maith le riarachán an cheartais shibhialta araon.

Leanann an Bord ag tacú le seachadadh na scéimeanna um chúnamh dlíthiúil coiriúil, go háirithe Scéim Comhairle Dlí Stáisiún na nGardaí, Scéim um Chúnamh Dlíthiúil um Shócmhainní Coiriúla agus an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta. Táthar ag súil le reachtaíocht in am trátha d'fhonn freagracht as an bPríomh-Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil a aistriú chuig an mBord. Táim ag tnúth le foilsiú na dréacht-reachtaíochta maidir leis seo.

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáideach. I 2017, roghnaigh an Bord a bheith ina luath-uchtaitheoir den leagan nuashonraithe den Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ag deireadh na bliana, cuireadh tús le meastóireacht sheachtrach ar éifeachtacht an Bhoird, agus táim ag tnúth le aschur an athbhreithnithe seo. Toisc go bhfuil láithreach ag an mBord i ngach contae beagnach, thionóil an Bord i nGaillimh agus i gCorcaigh agus ag príomhoifigí an Bhoird i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí agus i mBaile Átha Cliath i rith na bliana 2017.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le David Gilbride, ar éirigh as an mBord i rith 2017, as a chuid seirbhíse agus guím gach rath air lena ról dúshlánach nua.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil ar dtús le foireann an Bhoird as a dtiomantas, a ndúthracht agus a ngairmiúlacht leanúnach maidir le seirbhísí a sheachadadh do chustaiméirí agus sa dara háit d'aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha, ós rud é nach mbeadh sé indéanta seirbhís bhríomhar a sholáthar. Is í an aidhm atá againn ná an toradh is fearr a sholáthar don úsáideoir seirbhíse trí na modhanna is fearr atá ar fáil agus caithfidimid dúshlán leanúnach a chur romhann féin sa tiomantas sin. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a thugann an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus a Roinn d'obair an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Philip O'Leary
Cathaoirleach

An Bord

An Bord amhail an 31 Nollaig 2017:

Philip O’Leary

Cathaoirleach

Anne-Marie Blaney

Státseirbhíseach (Ball Foirne)

Tom Brennan

Cuntasóir Cairte

Deirdre Burke

Aturnae

Nuala Egan

Abhcóide

Nuala Jackson

Abhcóide Sinsearach

Gordon Jeyes

Iar-Phríomhfheidhmeannach Tusla,
an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Maurice Lawlor

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Freda McKittrick

Stiúrthóir Cúnta, Barnardos

Michael O’Connell

Státseirbhíseach (Ball Foirne)

Evelyn O’Connor

An Roinn Caiteachais Phoiblí
agus Athchóirithe

Ellen O’Malley Dunlop


Cathaoirleach
Chomhairle Náisiúnta na mBan

Foireann Feidhmiúcháin na Príomhoifige

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	John McDaid
Stiúrthóir um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta:	Niall Murphy
Stiúrthóir Acmhainní Daonna:	Barry Murphy
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha	Eileen Bowden/Donal Reddington*
Stiúrthóir Cinnteoireacht agus Tacaíochta:	Angela McDonnell
Stiúrthóir Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh **	Polly Phillimore / Fiona McAuslan
Stiúrthóir Cúnta, Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil:	Pat Gilheaney
Rialaitheoir Airgeadais:	Joan Enright
Rúnaí an Bhoird:	Mary O'Connor
Iniúcháirí: Ciste	An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Aturnaetha:	Holmes O'Malley Sexton
Ceannoifig:	Sráid an Chalaídh Cathair Saidhbhín Co. Chiarraí Teileafón: 066 9471000 Íosghlao 1890 615200 Facs: 066 9471035
Oifig Bhaile Átha Cliath:	48/49 Sráid Brunswick Thuaidh Lána Sheoirse Baile Átha Cliath 7 Teileafón: 01 6469600
Suíomh Gréasáin:	www.legalaidboard.ie

* D'éirigh **Eileen Bowden** as an mBord i mí Iúil 2017. Thosaigh Donal Reddington leis an mBord i Márta 2017.

Struchtúr



Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird do 2017 a chur i láthair.

I 2017 bhí beagán os cionn 17,100 iarratas nua ar ionaid dlí, arb'ionann é sin agus méadú beagnach faoi bhun 3% ar líon na n-iarratas i 2016. D'fhan an leibhéal éilimh ag na hionaid dlí sách cobhsaí le cúpla bliain anuas, ach féadtar tabhairt faoi deara nach

gcuimsítear san fhiigiúr seo éileamh ar sheirbhísí de bhun na Scéime Abhaile arna héascú ag an mBord. Baineann an Scéim seo le comhairle dhlíthiúil a sholáthar, agus i gcúinsí áirithe teoranta cúnamh dhlíthiúil, do dhaoine atá dócmhainneach agus atá i mbaol a mbaile a chailleadh. Ba í 2017 an chéad bhliain iomlán dá hoibriú agus de réir mar a tugadh faoi deara sa Tuarascáil, eisíodh 1,933 dearbhán lenar ligeadh do dhaoine a raibh aisghabháil fhéideartha dá mbaile rompu comhairle dlí a fháil ó aturnae. Bhí 500 aturnae dualgais nó níos mó i láthair ag liostaí athshealbhaithe cúirte agus eisíodh beagnach 470 deimhniú cúnamh dlíthiúil, rud a lig d'fhéichiúnaithe morgáiste achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda i gcoinne diúltú creidiúnaí nó creidiúnaithe socrú dócmhainneachta pearsanta a cheadú.

Tugann an Bord tús aite i gcónaí do rochtain mhear ar sheirbhísí ar an Bhoird agus ar an gcóras ceartais go ginearálta. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 1,776 duine ag fanacht le haghaidh seirbhísí dlí, laghdú ón bhfiigiúr de 1,864 ag tús na bliana. Cé go raibh an laghdú réasúnta imeallach, leantar, áfach, leis an treocht atá ann de laghdú ar líon na ndaoine atá ag feitheamh ar sheirbhísí agus tá sé mar phríomhchuspóir againn an líon a laghdú tuilleadh agus laghdú de na huairéanta feithimh dá bharr. Cé gur léir nach rud iontach é go bhfuil iarrthóirí ag fanacht le haghaidh seirbhíse, tá líon suntasach cúinsí ann a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh nó ina dtugtar seirbhís “ar éileamh” d'iarratasóir, go héifeachtach. Tugtar tús áite i gcónaí do chásanna foréigean baile agus cásanna ina mbaineann iarratais ag Tusla chun leanaí a thógáil i gcúram nó faoi mhaoirseacht. Ag deireadh na bliana shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Rialacháin chun deireadh a chur leis an ranníocaíocht airgeadais i gcásanna foréigean teaghlaigh sa Chúirt Dúiche, lena mbaintear bac féideartha amháin ar cheartas sna cásanna seo.

Le linn 2017, leanadh le seirbhísí um cúnamh dlíthiúil sibhialta a sholáthar tríd úsáid a bhaint as samhail mheasctha d'fhoireann fhostaithe, aturnaetha ina measc i líonra an Bhoird de 30 ionad dlí agus trí shainoifig, agus íocadh aturnaetha príobháideacha ar bhonn táille in aghaidh an cháis. Úsáidtear aturnaetha príobháideacha, go príomha, le haghaidh ábhar um dhlí teaghlaigh príobháideach sa Chúirt Dúiche, chun comhairle a sholáthar agus ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine a lorgáinn cosaint idirnáisiúnta ón Stát, chomh maith leis na seirbhísí a sholáthraítear de bharr an Scéim Abhaile I 2017 tháinig méadú de 15% ar a n-úsáid le haghaidh díospóidí príobháideacha sa Chúirt

Dúiche um Theaghlaigh ar an bhfigiúr do 2016. Úsáidtear aturnaetha príobháideacha go pointe níos lú i gcásanna colscartha agus scartha sa Chúirt Chuarda - níor cuireadh ach 30 cás den sórt sin ar aghaidh chuig aturnaetha príobháideacha i 2017. Lean an Bord le scéim theoranta a oibriú inar úsáideadh aturnaetha príobháideacha chun ionadaíocht a dhéanamh do thuismitheoirí in iarratais a dhéanann an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chun leanaí a thabhairt isteach ina cúram. Bhí an scéim seo ag feidhmiú i gContaetha Bhaile Átha Cliath, i nDún na nGall agus i Loch Garman agus bhí sé an-éifeachtach maidir le seachadadh tapa de sheirbhísí dlí a chinntiú do thuismitheoirí sna cásanna seo.

Is amhlaidh an cás ón mbliain ar bunaíodh é, go mbaineann formhór na n-iarratasóirí a lorgaíonn seirbhísí ón mBord le fadhb theaghlaigh. As an 17,103 iarratas ar ionaid dlí i 2017 bhí baint ag thart ar 68% le hábhar teaghlaigh (ní áirítear iarratais de bhun an Scéim Abhaile san fhigiúr seo). Tá mórán na n-iarratas ar chúnamh nó comhairle dlí maidir le fadhbanna teaghlaigh comhsheasmhach leis an bpatrún éilimh i ndlínsí eile. Tháinig laghdú ar líon na ndaoine a bhí ag lorg seirbhísí maidir le hábhair chosanta idirnáisiúnta ó 1,648 go dtí 1,358. Tá an líon a bhí ag lorg seirbhísí an Bhoird sa réimse seo dlí cosúil leis an leibhéal éilimh ar chosaint idirnáisiúnta sa Stát.

Maidir le hidirghabháil teaghlaigh, lean an Bord ar aghaidh i 2017 le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a sholáthar in ocht n-oifig lánaimseartha agus naoi n-oifig pháirtaimseartha. D'oscail sé a dhara ionad idirghabhála teaghlaigh agus ionad dlí comhshuite - i nDún Dealgan, osclaíodh an chéad ionad dá leithéid i lár chathair Bhaile Átha Cliath i 2016. Ag deireadh na bliana, bhí dul chun cinn suntasach déanta maidir le pleananna chun comhshuíomh a dhéanamh in dhá shuíomh eile le dhá shuíomh eile mar fhéidearthachtaí láidre. Is é cuspóir an chomhshuímh ná níos mó daoine a spreagadh a bhfuil seirbhísí dlí á lorg acu i ndáil le díospóid teaghlaigh chun iarracht a dhéanamh an díospóid a réiteach le cúnaimh idirghabhálaí seachas trí phróiseas cúirte.

I 2017 rinne an Bord athbhreithniú ar scéimeanna píolótacha a bhí i bhfeidhm i gCorcaigh, i mBaile Átha Luain agus i gCaisleán an Bharraigh a raibh baint acu le daoine a bhí ag lorg cúnaimh dhlíthiúil le haghaidh cúrsaí dlí teaghlaigh nuair a bhí leanbh cleithiúnach i gceist, chun freastal ar sheisiún faisnéise faoi rogha na hidirghabhála teaghlaigh sula bhféadfaí deimhniú um chúnamh dlíthiúil a dheonú dóibh le haghaidh ionadaíocht cúirte Chinn an t-athbhreithniú go raibh tionchar ag na héilimh, a bhí ann mar gheall ar sheisiúin faisnéise aonair, ar an gcumas den idirghabháil í féin a sholáthar agus dá bhrí sin bhí amanna feithimh le haghaidh seirbhísí idirghabhála ag éirí níos faide. Mar sin cuireadh an scéim píolótach ar fionraí i gCorcaigh, agus cuireadh seisiúin faisnéise Grúpa in áit, rud a bhfuil riachtanach, i gcásanna áirithe, chun cúnaimh dlíthiúil a fháil d'imeachtaí cúirte.

Lean an comhthionscnamh idir an Bord agus an tSeirbhís Chúirteanna a chuireann idirghabháil teaghlaigh gan srian ar an láthair ar fáil ag an gCúirt Dúiche Teaghlaigh i mBaile Átha Cliath ag oibriú, ach ar an drochuair, tháinig laghdú ar líon na ndaoine a

roghnaigh idirghabháil i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. De réir mar a léiríonn na sonraí bhí 318 chéad chomhseisiún faisnéise i 2017 i gcomparáid le 348 i 2016 agus 407 i 2015. I 2017 bhí 8,232 iarratas ar chaomhnóireacht, choimeád nó ar rochtain i gceantar Bhaile Átha Cliath agus ba mhaith leis an mBord céatadán níos mó de na cásanna sin a roghnaíonn idirghabháil a fheiceáil. Bhí na hiarrachtaí ar siúl ag deireadh na bliana chun straitéisí a fhorbairt chun níos mó rannpháirtithe a thabhairt chuig idirghabhála seachas chuig imeachtaí cúirte. Bhí tionscnaimh níos modhnaithe a raibh baint ag idirghabhálaithe sna Cúirteanna fós i bhfeidhm i Nás, Luimneach, Cluain Meala, san Aonach, Inis agus i nDún Dealgan.


Lean an Bord lena bheith freagrach as trí scéim ad hoc a riaradh: an Scéim um Chúnammh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta, Scéim Leasaithe Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí agus Scéim um Chúnammh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla Tá gá le hidirghabháil reachtúil, atá fós le hachtú, chun freagracht as riarachán na príomhscéime cúnaimh dhlíthiúil coiriúil a aistriú.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a thug ár bhfoireann. Bím i gcónaí ag iarraidh dhá theachtaireacht riachtanacha a chur in iúl go himmheánach. Is é an chéad cheann ná go gcaithfidh an cliant a bheith i lár ár gcinnteoireachta uile agus is é an dara ceann gurb í an fhoireann an acmhainn is mó atá ag an mBord. Gan tiomantas na foirne, a n-athléimneacht agus a dtoilteanas a fhoghlaim agus a fhorbairt, go minic chun dul i ngleic le hathrú, ní bheadh an Bord in ann a chuid oibre a dhéanamh. Caithfidh mé freisin rannchuidiú na n-atarnaetha agus na n-abhcóidí príobháideacha a aithint, a bhfuil a gcuid oibre ríthábhachtach maidir le cúnammh dlí sibhialta a sholáthar.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus Ard-Rúnaí Gníomhach na Roinne agus a foireann as a gcuid rannpháirtíochta agus tacaíochta leanúnaí.


John McDaid
Príomhfheidhmeannach

Príomhfhorbairtí i 2017



- ✓ Rinneadh **25,049** iarratas i 2017 agus bhain **15,745** acu le cúnamh dlíthiúil sibhialta, **1,358** le haghaidh cosanta idirnáisiúnta agus bhain **2,402** acu leis an Scéim Abhaile. **Chuir 5,544** duine iarratas isteach ar sheirbhísí idirghabhála teaghlaigh.

- ✓ **Leanadh leis an laghdú ar líon na ndaoine a bhí ag feitheamh ar sheirbhísí dlíthiúla.** Bhí **1,776** ag feitheamh ag deireadh na bliana, **laghdú** breise ó 2016 agus laghdú don 5^ú bhliain i ndiaidh a chéile, anuas ó bhreis agus 5,000 in 2013.



- ✓ I rith 2017, phróiseáil an Bord 4,125 éileamh i leith os cionn 8,700 comhairliúchán cimí Stáisiún Gardaí agus beagnach 8,900 uair an chloig chun freastal ar agallamh.

- ✓ Tháinig méadú ar iarratais faoin scéim abhaile ó 523 i 2016 go **2402** i 2017.

Seirbhísí ar fáil i 2017

Leis an sainchúram leathnaithe atá ag an mBord um Chúnadh Dlíthiúil, ciallaíonn sé seo go gcuireann an Bord seirbhísí ar fáil sna réimsí seo a leanas:

Cúnadh Dlíthiúil Sibhialta Ginearálta
Abhaile - Tacaíocht Riaráistí Morgáiste Saor in Aisce
Seirbhísí Cosanta Idirnáisiúnta
Idirghabháil Teaghlaigh
Cúnadh Dlíthiúil Coiriúil

Cúnadh Dlíthiúil Sibhialta

Éileamh ar an tseirbhís

D'iarr 17,103 iarratasóir ar sheirbhísí cúnadh dlíthiúil sibhialta ó ionaid dlí an Bhoird i 2017 agus bhain 15,745 díobh sin le hábhair seachas cosaint idirnáisiúnta. Cuimsíonn saghas na bhfadhbanna dá soláthraíonn an Bord seirbhísí dlí formhór na réimsí den dlí sibhialta, ach lean formhór na n-iarratasóirí le seirbhísí a lorg maidir le

fadhbanna teaghlaigh in 2017, faoi mar a bhí i gceist ó bunaíodh an Bord i 1980.

B'ionan líon iomlán na gcásanna ina soláthraíodh seirbhísí dlí trí líonra lárionad dlí an Bhoird i 2017 agus thart ar 18,170. I dTábla 1 seo a leanas, léirítear líon na ndaoine a chuir isteach ar sheirbhísí chuig ionaid dlí an Bhoird i 2017 agus sna cúig bliana roimhe sin.

Tábla 1 - Líon na n-iarratas 2012-2017


Bliain	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Ginearálta	16,870	16,851	15,531	15,256	14,991	15,745
Tearmann agus nithe gaolmhara	725	708	902	1,537	1,658	1,358
Iomlán	17,595	17,559	16,433	16,793	16,649	17,103

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil do gach iarratasóir. Ní leanann roinnt iarratasóirí

lena n-iarratas nuair a chuirtear ceapachán ar fáil dóibh.

Tugann Cairt 1 miondealú ar na hiarratais de réir cineálacha cáis.

Cairt 1 - Líon na n-iarratas de réir cineál cáis 2017



Ionaid Dlí

Cuireadh cúnamh dlíthiúil agus comhairle dlí ar fáil trí ionaid dlí ghinearálta an Bhoird i níos mó ná 18,170 cás i 2017. Tugann Tábla 2 faisnéis maidir le huimhreacha cáis in ionaid dlí. Ba chóir a thabhairt faoi deara

gurb í 2017 an chéad uair a chuimsítear san fhigiúr daoine a sholáthraíodh seirbhísí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta sa Stát agus nach bhfuil siad inchomparáide go díreach leis na blianta roimhe seo.

Tábla 2 - Cásanna á láimhseáladh in ionaid dlí

Bliain	2012	2013	2014	2015	2016	2017*
Iomlán	17,652	17,304	18,338	17,959	17,213	18,170


* Lena n-áirítear cásanna um chosaint idirnáisiúnta

Cásanna um Chúnamh dlíthiúil agus comhairle dlí

I gCairt 2 thíos, taispeántar go leanann dlí teaghlaigh a bheith ar an bpríomhréimse ina soláthraíonn an Bord seirbhísí dlí. As na cásanna a

láimhseáladh i 2017, bhí 68% sa réimse dlí teaghlaigh phríobháidigh agus bhain 78% de na cásanna le dlí teaghlaigh go ginearálta.


Cairt 2 - Cásanna 2015-2017



Tugtar i gCairt 3 thíos miondealú níos mionsonraithe maidir leis na príomh-shaincheisteanna ar soláthraíodh seirbhísí dlí dóibh i 2017. Is cosúil gur tugadh comhairle chomh maith ar líon suntasach cásanna idirscartha agus colscartha ar cheisteanna ar nós cothabhála, foréigean teaghlaigh, agus leas leanaí. Ní thairfeadtar comhairlí breise den sórt sin ar leithligh sna figiúirí thuas. Ar a bharr sin, ba cheart a thabhairt faoi deara

gur minic go ndéanann iarratasóirí iarratas ar sheirbhísí dlí maidir le, mar shampla, foréigean teaghlaigh agus coimeád/rochtain, nó coimeád/rochtain agus cothabháil. Chun críocha na cairte seo, catagóiríodh cliant a raibh cúnaimh nó comhairle á fáil aige/aici le haghaidh saincheisteanna iomadúla dlí teaghlaigh maidir leis an bpríomhcheist dár cuireadh seirbhísí dlí amháin ar fáil dóibh.

Cairt 3 - Cásanna de réir Ábhair 2017



Tabhairt chun críche na gcásanna

Leagtar amach i dTábla 3 thíos líon na gcásanna nua a glacadh i líonra an ionaid dlí. I bhfigiúr na bliana 2017, áirítear

cásanna cosanta idirnáisiúnta (a bhí eisiata ón bhfigiúr seo sna blianta roimhe seo).

Tábla 3 - cásanna nua in ionaid dlí (ní áirítear cosaint idirnáisiúnta)

Bliain	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Cásanna Nua	5,831	6,650	6,300	6,264	6,119	6,299*

* Lena n-áirítear cásanna um chosaint idirnáisiúnta

Fad na gcásanna

Soláthraítear aoisphróifíl i dTábla 4 ar chásanna inar soláthraíodh seirbhísí dlí in ionaid dlí in 2017. Tugann an bhliain le fios nuair a rinneadh an t-iarratas ar

sheirbhísí dlí don chéad uair. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go raibh moill ama ar an duine chéad choinne a fháil le haturnae.

Tábla 4 - Cásanna a láimhseáladh i 2017; an bhliain ar cuireadh an iarratas isteach

Bliain	Roimh 2013	2013	2014	2015	2016	2017
Líon	1,992	1,210	1,661	2,600	4,733	5,974

Cásanna curtha i gcrích

As an 18,170 cás a láimhseáladh sna hionaid dlí i 2017, bhí 6,052 (33%) curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana. I dTábla 5 thíos, taispeántar conas a

chuirtear an uimhir seo i gcomparáid le líon na gcásanna a cuireadh i gcrích le blianta beaga anuas.

Tábla 5 - Líon na gcásanna a dúnadh

Bliain	2013	2014	2015	2016	2017
Cásanna a Dúnadh	4,910	5,757	6,059	5,699	6,052

I dTábla 6 tugtar aoisphróifil de na cásanna sin a dúnadh i 2017 de réir ábhair.

Tábla 6 - Cásanna curtha i gcrích in 2017; fad ama a bhí siad oscailte

Cineál Cáis	<1 Bhliain	1-2 Bhliain	2-3 Bhliain	3+ Bhliain	Iomlán
Cosaint idirnáisiúnta	152	0	0	0	152
Cúram leanaí	290	165	80	122	657
Colscaradh/idirscaradh/neamh niú	706	640	473	1,167	2,986
Dlí neamhtheaghlaigh	493	238	101	144	976
Dlí teaghlaigh eile	711	290	96	184	1,281
Iomlán	2,352	1,333	750	1,617	6,052


Is féidir a thabhairt faoi deara ó Thábla 6 gur gnách go nglacann cásanna colscartha, idirscartha agus neamhnithe níos faide lena dtabhairt chun críche, go ginearálta, ná mar a ghlacann ceisteanna dlí teaghlaigh eile. Bhí thart ar 49% de na cásanna colscartha,

idirscartha agus neamhnithe a tugadh chun críche in 2017 ar bun go leanúnach ar feadh ní b'fhaide ná trí bliana, i gcomparáid le 11% de chásanna cúram leanaí agus 21% de cheisteanna dlí teaghlaigh eile.

Cásanna ar Láimh

I gCairt 4 thíos, taispeántar stádas chásanna gníomhacha uile an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2017.

Cairt 4 - Cás gníomhach amhail an 31 Nollaig 2017



Cuidíonn an cineál faisnéise seo leis an mBord monatóireacht a dhéanamh

ar dhul chun cinn na gcásanna trí phróiseas na cúirte.

Úsáid Painéal Aturnaetha

Fostaíonn an Bord aturnaetha príobháideacha, chun seirbhísí um cúnamh dlí a sholáthar chun cur leis an tseirbhís a sholáthraíonn ionaid dlí. Úsáidtear aturnaetha príobháideacha faoi láthair do shaincheisteanna áirithe dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche (ar nós cásanna foréigean baile, cothabhála, caomhnóireachta agus coimeádta/rochtana). Atosaíodh an painéal chun aturnaetha príobháideacha a thabhairt san áireamh i gceisteanna colscartha agus idirscartha sa Chúirt Chuarda ar bhonn teoranta go déanach 2015, tar éis maoiniú breise a fháil ina leith. Atreoraíodh 30 cás chuig cleachtóirí príobháideacha faoin scéim

seo i 2017. Ina theannta sin, lean an Bord ar aghaidh le scéim phíolótach agus úsáid á baint as aturnaetha príobháideacha i gcásanna ina ndearna an Stát (Tusla) iarratais chun leanaí a thógáil i gcúram. Atreoraíodh 98 de an cásanna siúd chuig aturnaetha príobháideacha in 2017.

Tugtar miondealú i dTábla 7 ar an líon deimhnithe um chúnamh dlíthiúil a deonaíodh chun soláthar d'ionadaíocht sa Chúirt Dúiche agus Chuarda a éascú ag aturnaetha i gcleachtas príobháideach atá ar phainéal an Bhoird

Tábla 7 - Líon na gcásanna nua ina ndearnadh aturnaetha príobháideacha ionadaíocht

Bliain	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Dlí teaghlaigh príobháideach na Cúirte Dúiche	5,077	5,640	5,224	5,351	5,208	6,002
Cúram Leanaí na Cúirte Dúiche (Tionscadal Píolótach)	N/B	N/B	7	106	103	88
An Chúirt Chuarda	5	0	10	77	89	30
Comhairliúcháin Abhaile					429	1,933
Athbhreithnithe PIA na Cúirte Cuarda					94	469
Iomlán	5,082	5,640	5,241	5,534	5,923	8,532

De ghnáth, bíonn na táillí a íocadh le haturnaetha príobháideacha do chásanna dlí teaghlaigh príobháideacha sa Chúirt Dúiche 10 -15% den táille is iníoctha i gcásanna na Cúirte Cuarda.

Tráthúlacht na seirbhíse

Tá brú suntasach tagtha ar amanna feithimh le haghaidh seirbhísí dlí beagnach ón am ar chuir an Bord tús le seirbhísí dlí a sholáthar. Leis an laghdú ar an éileamh ón mbuaic i 2011, tá roinnt laghdaithe tagtha ar an mbrú. Tháinig laghdú beag i 2017 ar líon na n-iarratasóirí a bhí ag feitheamh agus laghdú ar amanna feithimh ag formhór na n-ionad dlí. Bhí líon na ndaoine a bhí

ag fanacht ar sheirbhís shubstaintiúil amhail deireadh na bliana 88 níos lú ná mar a bhí sé ag tús 2017, mar a léiríonn na figiúirí i dTábla 8. Leagtar amach i dTábla 8 líon na ndaoine a bhí ag fanacht le haghaidh seirbhísí dlí le aturnae, amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar an dáta céanna sna ceithre bliana roimhe sin.

Tábla 8 - Líon na ndaoine a bhí ag feitheamh amhail an 31 Nollaig 2017

Bliain	2013	2014	2015	2016	2017
Líon na ndaoine a bhí ag feitheamh	5,067	3,412	2,319	1,864	1,776

Tugadh líon tionscnamh isteach nó leanadh ar aghaidh leo chun an tionchar a bhíonn ag tréimhsí feithimh ar iarratasóirí a íoslaghdú. Ba é an ceann ba shuntasaí díobh seo ná an leanúint leis an gcur chuige 'triáise' i roinnt ionad dlí. Is í aidhm an chuir chuige triáise a chinntiú go bhfaigheann gach iarratasóir méid áirithe de chomhairle dlí go tráthúil. Is í samhail an chuir chuige ná mura dóchúil go bhfaighidh iarratasóir seirbhís iomlán dlí laistigh de cheithre mhí tar éis iarratas a dhéanamh, ba cheart dó/di réamhchoinne 'triáise' a fháil le haturnae laistigh de shé seachtaine. Níl an tsamhail i bhfeidhm i gcónaí, má mheastar go bhfuil sé na hamanna feithimh méadaithe mar thoradh ar cheist shealadach agus is é an prognóis ná go laghdófar an t-am feithimh laistigh de thréimhse ama réasúnta gearr. Tá an tseirbhís seo scortha anois i bhformhór na suíomhanna, ós rud é gur thit amanna

feithimh faoi bhun ceithre mhí agus tá sé in úsáid anois i thart ar aon trian d'ionaid dlí an Bhoird. As an 1,776 duine a bhí ag feitheamh ar sheirbhísí amhail an 31 Nollaig 2017, bhí a gcéad chomhairliúchán 'triáise' ag 255 acu le haturnae.

Chuir ath-thabhairt isteach painéal aturnaetha dlí teaghlaigh príobháideacha na Cúirte Cuarda ag deireadh 2015 le hiarrachtaí chun amanna feithimh a laghdú in áiteanna áirithe.

Leagtar amach an t-uasam feithimh i seachtainí, amhail an 31 Nollaig 2017 do na hionaid dlí éagsúla i dTábla 9 thíos. Ní mór a thabhairt faoi deara nach dtaispeántar sa tábla seo ach na tréimhsí feithimh ag pointe áirithe ama. Beidh tréimhsí feithimh difriúil óna gcéile, ag brath ar an éileamh agus ar chumas gach ionaid dlí coinní a thairiscint do chliaint nua.

Tábla 9 - Amanna feithimh in Ionaid Díl amhail an 31 Nollaig 2017

Ionad Díl	Ginearálta - Ionaid díl nach bhfuil triáis á feidhmiú ann	Am feithimh do choinne thríaise	Tréimhse feithimh bhreise nuair a tugadh coinne thríaise roimhe sin
Baile Átha Luain		8	17
Baile Bhlainséir	8		
Caisleán an Bharraigh	10		
An Cabhán	9		
Cluain Dolcáin	25		
Corcaigh - Cé Pope	20		
Corcaigh- An Meall Theas		23	18
Dún Dealgan	16		
Inis		17	20
Fionnghlas	16		
Gaillimh - Sráid San Prionsias	22		
Gaillimh - Teach Seville		8	7
Sráid Jervis		5	26
Cill Chainnigh	13		
Leitir Ceanainn	12		
Luimneach	16		
An Longfort		20	15
Muineachán	22		
An Uaimh		24	4
An tAonach		18	0
Droichead Nua	17		
Port Laoise	19		
Sligeach	9		
Margadh na Feirme		14	1
Tamhlacht		21	9
Trá Lí	34		
An Tulach Mhór	5		
Port Láirge	10		
Loch Garman	26		
Cill Mhantáin	12		

Seirbhís Tosaíochta

Lean an Bord ar aghaidh le seirbhís tosaíochta a sholáthar nuair a mheas sé go raibh gá le seirbhís láithreach, nó beagnach láithreach. I 2017 bhí thart ar 27% de na chéad choinní le haghaidh

ábhar ar tugadh tús áite dóibh. Ina measc seo, bhí cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cásanna a bhain le hiarratais ón Stát chun leanaí a thógáil i gcúram, agus cásanna lena

mbaineann teorainneacha ama reachtúla a rachadh in éag go gairid. I dteannta na gcásanna ar tugadh tús áite dóibh sna hionaid dlí, rinneadh an chuid ba mhó de na cásanna a

atreoraíodh chuig aturnaetha ar phainéil chleachtóirí príobháideacha an Bhoird a atreorú díreach tar éis don duine iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil go luath ina dhiaidh sin.

Cás-Staidéar Dlí Teaghlaigh

Chuir cliant iarratas isteach ar Ionad Dlí ag lorg cúnamh dhlíthiúil i leith colscartha. Bhí triúr pháiste sa phósadh a bhí ina gcónaí leis an gcliant i dteach an teaghlaigh. Bhí an teach teaghlaigh i gcomh-ainmneacha agus faoi réir morgáiste. Thóg na páirtithe teach an teaghlaigh ar shuíomh a fuair siad ó ghaolta leis an gcliant. Bhí an cliant ag comhlíonadh an mhorgáiste, ní raibh aon riaráiste ann agus bhí cothromas sa mhaoin. Chuir an t-iasachtóir morgáiste in iúl don iarratasóir go n-éascódh siad ath-mhorgáiste di ina hainm fhéin amháin. Tugadh comhairle don chliant maidir le comhairleoireacht chaidrimh agus idirghabháil.

D'fhreastail na páirtithe ar idirghabháil a d'éirigh leo, agus éascaíodh Colscaradh toilithe. Sa cholscaradh, rinneadh foráil go n-aistreofaí teach teaghlaigh chuig ainm an chliant amháin, agus go mbeadh sí freagrach as an morgáiste, go gcoinneadh sí a pinsin, agus go ndéanfaí Orduithe Cothabhála áirithe a urscaoileadh. Bhí fear céile an chliant in ann cóiríocht oiriúnach a fháil dó féin agus bhí an dá pháirtí in ann socruithe a aontú maidir le cúram agus teagmháil leis na páistí. Bhí an dá pháirtí sásta leis an toradh, agus leis an deis a bhí acu plé agus machnamh iomlán a dhéanamh ar ábhair san idirghabháil.

Abhaile - Tacaíocht Riaráistí Morgáiste Saor in Aisce

Le linn 2017 lean an Bord ar aghaidh lena rannpháirtíocht sa Scéim Abhaile, scéim cúnamh airgeadais agus dlíthiúil an Rialtais do dhaoine dócmhainneacha atá i mbaol go ndéanfar a mbailte a athshealbhú. Tá baint ag eagraíochtaí eile le soláthar de sheirbhísí eadhon, CLG Forbartha Náisiúnta SBCA agus Seirbhísí Buiséadaithe Comhairle Airgid, Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, agus an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Oibríonn an scéim ar an mbunús go ndéanann duine iarratas ar a seirbhís áitiúil de chuid an SBCA a dhéanfaidh an duine a “thriáiseáil” agus a shainaitheoidh na seirbhísí airgeadais agus/nó dlíthiúla a theastaíonn ón duine. I gceist le gné um chúnamh airgeadais na scéime tá soláthar seirbhísí trí chomhairleoir tiomnaithe riaráistí morgáiste an SBCA, cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, nó cuntasóir. Baineann trí shnáithe leis an ngné cúnamh dlíthiúil, a leanann de ghnáth ó chúnamh airgeadais:

- Seirbhís comhairliúcháin aturna, lena n-áirítear soláthar comhairliúcháin chomhairle dlí aonair. I gcúinsí áirithe d'fhéadfaí údarás a thabhairt chun tabhairt faoi idirbheartaíochtaí chun imeachtaí athshealbhaithe a réiteach
- Seirbhís “aturna dualgais”, ina ndéantar aturnaetha a chur ar uainchlár chun freastal ar liostaí athshealbhaithe ag cúirteanna

chláraitheoir an chontae. Féadfaidh an t-aturna comhairle a thairiscint maidir leis an nós imeachta cúirte don duine agus féadfaidh sé (má cheadaíonn an Cláraitheoir Contae) labhairt thar ceann an duine agus iarratas a dhéanamh ar imeachtaí a chur ar athló d'fhonn gur féidir leis an duine ionadaíocht dlí a lorg.

- Scéim cúnamh dlíthiúil d'iarratais chun athbhreithniú cúirte a dhéanamh ar shocrú dócmhainneachta pearsanta (PIA) a dhiúltaigh creidiúnaithe an duine é.

Deonaítear seirbhísí, seachas seirbhís athbhreithnithe cúirte an SDP, trí dhearbhan arna eisiúint ag an SBCA. I gcás na seirbhíse athbhreithnithe um chúnamh dlíthiúil an SDP, déantar iarratas ar chúnamh dlíthiúil ar an mBord. Níl aon tástáil acmhainne ann d'aon seirbhís de chuid Abhaile ach baineann na critéir bhreise faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995 le seirbhís um chúnamh dlíthiúil athbhreithnithe an SDP. Níl aon ranníocaíocht i leith seirbhísí iníoctha. Cuireadh painéal d'aturnaetha príobháideacha i bhfeidhm chun gach ceann de na seirbhísí a sheachadadh.

Ba é 2017 an chéad bhliain fhéilire iomlán de Abhaile, agus tá sé beartaithe go mbeidh sé ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana. Tá na seirbhísí a sholáthraítear thar ceann an Bhoird faoin scéim leagtha amach i dTábla 10 thíos.

Tábla 10 - Seirbhísí arna soláthar faoi Abhaile

Bliain	2016	2017
Líon na ndearbhán um chomhairle dlí a d'eisigh an SBCA*	429	1,933
Líon na laethanta aturnae dualgais ar uainchlár	139	507
Deimhnithe um chúnamh dlíthiúil a deonaíodh d'athbhreithnithe cúirte SDP	94	469

* Fógraíodh don Bhord ag deireadh mhí na Nollag

Seirbhísí Cosanta Idirnáisiúnta

Seirbhísí Cosanta Idirnáisiúnta

B'ionann líon na ndaoine a bhí ag lorg seirbhísí dlí ón mBord maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta i 2017 agus 1,358. Is méadú é seo de 18% ar an mbliain roimhe sin. Soláthraítear seirbhísí i dtaca le cosaint idirnáisiúnta agus cúrsaí gaolmhara i dtrí ionad dlí an Bhoird, eadhon Margadh na Feirme (Baile Átha Cliath), Cé Pope (Corcaigh)

agus Teach Seville (Gaillimh) agus ag aturnaetha príobháideacha freisin ar phainéal. I dTábla 11, taispeántar líon na n-iarratas nua ar sheirbhísí dlí ón mBord maidir le hábhair chosanta idirnáisiúnta agus líon na ndaoine freisin a d'iarr cosaint sa Stát ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tábla 11 - Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta

Bliain	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Iarratais ar Bhord um Chúnamh Dlíthiúil	979	725	708	902	1,537	1,658	1,358
Iarratais ar Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta (IPO)	1,290	956	946	1,448	3,276	2,244	2,406

Cosaint Idirnáisiúnta agus Leanaí

Leanann an Bord le hAonad tiomnaithe do Leanaí a oibriú atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath chun déileáil le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanann

mionaoisigh gan tionlacan. Cuireadh oiliúint speisialaithe ábhartha ar na baill foirne san aonad. Tá caidreamh dea-fhorbartha idirghníomhaireachta ag an Aonad le hOifig um Chosaint Idirnáisiúnta anois agus leis an

nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a mbíonn cruinnithe rialta ar bun acu leo chun dul i ngleic le saincheistanna ar comhspéis leo. Chomh maith le haighneachtaí

réamh-agallaimh a ullmhú do leanaí scartha, cuireann an tAonad seirbhísí dlí ar fáil do na cliaint seo i ndáil le rianú teaghlaigh agus athaontú teaghlaigh.

Gáinneáil ar dhaoine

Soláthraíonn an Bord seirbhísí dlí ar ábhair áirithe do dhaoine a shainaitheigh Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB) iad mar íospartaigh fhéideartha na gáinneála ar dhaoine faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008.


Níl aon cheanglas ann critéir incháilitheachta airgeadais nó buntáistí an Bhoird a shásamh maidir leis na cásanna seo agus níl sé de dhualgas ar íospartach gáinneála ar dhaoine ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leis an mBord. Soláthraíonn fostaithe an Bhoird an tseirbhís a bhfuil oiliúint speisialaithe faighte acu i gcúrsaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine.

Soláthraíonn an Bord seirbhísí dlí do dhaoine a shainaitheítear iad mar íospartaigh fhéideartha de gháinneáil ar

dhaoine i ndáil lena gcearta maidir le réimse saincheistanna lena n-áirítear a stádas sa Stát, cosaint idirnáisiúnta a lorg, sásamh a lorg tríd an reachtaíocht um chosaint fostaíochta (comhairle dlí amháin), faisnéis faoi cad atá i gceist i dtríail choiriúil, faisnéis maidir le cúiteamh, faisnéis maidir le filleadh ar ais ar a mbaile go deonach. Cuireann an Bord ionadaíocht ar fáil freisin sa chúirt i dtríail choiriúil ina bhfuil stair ghnéasach an íospartaigh ardaithe.

I rith 2017, chuir An Garda Síochána 31 íospartach ionchasach gáinneála ar dhaoine ar aghaidh chuig an mBord, a d'iarr ar sheirbhísí dlí i 2017, agus cuireadh 15 díobh ar aghaidh i ndáil le dúshaothrú gnéasach; 11 maidir le saothrú saothair, agus bhí 5 chinn anaithnid.

Cairt 5 - Cásanna gáinneála ar dhaoine a tharchuirtear chuig an mBord i rith 2017



An tIonad Cáipéisíochta Dídeanaithe


Is seirbhís neamhspleách atá san Ionad Cáipéisíochta Dídeanaithe (ICD) a fheidhmíonn faoi choimirce an Bhoird. Is é príomhról an Ionaid seirbhís taighde agus fiosrúcháin oibiachtúil a chur ar fáil do na príomheagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas um chosaint idirnáisiúnta, ag díriú go háirithe ar Fhaisnéis faoin Thír Dúchais (FTT) a sholáthar. Is féidir leis an bpobal i gcoitinne agus gníomhaireachtaí eile úsáid a bhaint as an ICD freisin chun a gcuid taighde féin a dhéanamh.

I 2017, fuair an ICD 1,389 fiosrúchán FTT, méadú 37% ar cheisteanna FTT a fuarthas ar 2016. Chuir seirbhís fiosrúcháin an RDC 1,131 freagra ar

cheist ar fáil, méadú ar fhiigiúr 2016. Oibríonn an t-aonad seirbhís leabharlainne idirghníomhaireachta agus soláthraíonn sí feidhm um thaighde dlí d'fhoireann an Bhoird. Bhain thart ar 70% de na ceisteanna le FTT, agus bhain an 30% eile le ceisteanna dlí agus leabharlainne.

Tá na príomh-thíortha atá faoi réir fiosrúcháin an FTT leagtha amach i gCairt 6 thíos ina léirítear tíortha a bhfuil níos mó ná 20 fiosrú acu, lena léirítear 79% de gach fiosrú FTT. Ba í an tSiombáib an tír a rinne an líon ba mhó fiosrúcháin aonair in 2016, agus ba í an Phacastáin an dara tír a rinne an líon ba mhó fiosrúchán.

Cairt 6 - Fiosrúcháin de réir tír dhúchais a fuarthas le linn 2017



Tugtar sampla gairid den saghas faisnéise arna hiarraidh sna fiosrúcháin a fuarthas thíos:

- Gníomhaíochtaí ISIS sa tSiria agus san Iaráic
- Mí-úsáid de LGBT sa tSiombáib
- Saoirse creidimh agus saoirse cainte sa Mhalaeisia
- Íospartaigh de phósadh éigeantais sa Phacastáin
- Idirdealú in aghaidh daoine a bhfuil SEIF acu sa Mhaláiv
- Conradh Awami sa Bhanglaidéis

- Caitheamh le hiarrthóirí tearmainn ar theip orthu sa Ghána
- Muintir Hazara san Afganastáin
- Dronganna coiriúla san Úcráin
- Foréigean inscne san Albáin agus freagairt na bpóilíní
- Caitheamh le daoine a thiontaigh go dtí an Chríostaíocht san Iaráin
- Reibiliúnaithe M23 i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

Lean an RDC ag obair go dlúth leis an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta agus le húsáideoirí eile dá chuid seirbhísí i 2017 d'fhonn comhoibriú a neartú agus

riachtanais éagsúla a úsáideoirí a chomhlíonadh.

Faoi láthair tá 37 Paca um Pósadh Tíre, 28 Paca um Uchtáil Tíre agus 40 Paca um Fhaisnéis Tíre ann, ar an iomlán. Tá 80 'mion' Phaca um Chosaint

Choimhdeach ann a ullmhaíodh mar fhreagairt d'éileamh a rinne an OCI maidir le saincheistanna SP Déantar na pacáistí uile a chatalógú agus tá siad ar fáil ar an ríomhleabharlann agus déanfar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú i 2018.

Cas-Staidéar ar Chosaint Idirnáisiúnta:

Cuireadh seirbhísí dlí ar fáil do chliant a bhí os cionn 55 bliain d'aois as Iarthar na hAfraice. Choinnigh na húdaráis é mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí polaitiúla. Coinníodh é i bpríosún gan chúiseamh ar feadh níos mó ná bliain inar chaith na húdaráis go hainnis leis agus ina raibh sé faoi chéasadh rialta. Buaileadh é, briseadh a chosa agus diúltaíodh cóir leighis riachtanach dó. Bhí na cillíní róphlódaithe agus níor tugadh mórán bia ná uisce dó. Scaoileadh é ar choinníollacha ach d'éirigh leis an tír a theitheadh.

Tháinig an cliant go hÉirinn agus d'éiligh sé cosaint idirnáisiúnta. Ansin chláraigh sé le haghaidh seirbhísí dlí leis an mBord ar an bpointe. Bhuail sé le hoibrí cásanna leithleacha, agus mar gheall ar a leochailleacht, thug sé cúnamh dó lena cheistneoir um chosaint idirnáisiúnta a chomhlíonadh, nach mór do gach iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach. Fuarthas tuairiscí dlí-leighis mar fhianaise tacaíochta.

Fuarthas faisnéis maidir leis an Tír Dúchais ón Ionad Cáipéisíochta Dídeanaithe. Ullmhaíodh aighneachtaí dlíthiúla agus cuireadh an t-eolas tacaíochta maidir leis an Tír Dúchais faoi bhráid an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, chomh maith le tuairisc dlí-leighis inar tugadh mionsonraí ar an gcéasadh a d'fhulaing an cliant. Bhí an cliant sceidealaithe ansin le haghaidh agallaimh leis an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta. Bhuail an cliant lena aturnae le haghaidh comhairle réamhagallaimh. D'fhreastail sé ar an agallamh agus, cúpla seachtain ina dhiaidh sin, fuair sé moladh dearfach, ag dearbhú go raibh cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uaidh agus gur cheart dó a bheith ina dhídeanaí.

Idirghabháil Teaghlaigh

Cur síos ar an tseirbhís

Cuidíonn seirbhísí idirghabhála teaghlaigh le lánúineacha a bhfuil cinneadh déanta acu dul trí scaradh nó colscaradh, nó a bhfuil scartha cheana féin, nó nach raibh cónaí orthu riamh le chéile ach gur tuismitheoirí leanbh iad, dul i mbun idirbheartaíochta maidir lena dtéarmaí comhaontaithe féin, agus riachtanais agus leasanna na ndaoine go léir a bhfuil baint acu ann á gcur san áireamh. Ní hé ról an t-idirghabhálaí teacht ar fhreagraí ach is é a ról na páirtithe atá i ndíospóid a éascú chun teacht suas lena gcuid réitigh féin. I gcúinsí áirithe, is féidir le hidirghabháil cabhrú le díospóidí laistigh de theaghlaigh. Cuireadh idirghabháil ar fáil i ndíospóidí a bhaineann le deartháireacha, le tuismitheoir-leanbh, le cúram do ghaolta scothaosta agus le cúrsaí teaghlaigh eile.

Reacaireacht ar sheirbhísí

Sa bhliain 2017 bhí sé oifig dhéag idirghabhála teaghlaigh ginearálta san iomlán, agus tá oifig le hoscailt i gCill Chainnigh i mí Feabhra 2018 agus tá an oifig i Ráth Eanaigh le dúnadh i mí Aibreáin 2018. Bhí dhá cheann de na 16 oifig seo comhshuite le hIonaid Dlí i dTeach Jervis i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus i nDún Dealgan. Tá seirbhís chúirte lánaimseartha amháin sa tseirbhís freisin sa Chúirt Teaghlaigh Dúiche i mBaile Átha Cliath (Teach Dolphin).

Bhí seacht seirbhís chúirte pháirtaimseartha sna háiteanna seo a leanas - Cluain Meala, An Nás, Inis, Dún Dealgan, Luimneach agus san Aonach. Tá idirghabhálaí i láthair i bhfoirgneamh na Cúirte ar lá na suíonna dlí teaghlaigh.

Chonacthas thart ar 5,544 duine idirghabhálaí den chéad uair i 2017. Áiríodh leis seo 1,911 lánúin (3,822 duine) a d'fhreastail ar an gcéad chomhsheisiún in oifig idirghabhála teaghlaigh agus 1,722 duine a d'fhreastail ar sheisiún faisnéise ag asraon idirghabhála teaghlaigh cúirt-bhunaithe (1,169 i dTeach Dolphin Baile Átha Cliath agus 553 ag suíomhanna cúirte lasmuigh de Bhaile Átha Cliath).

Tábla 12 - Seirbhísí idirghabhála teaghlaigh arna soláthar ag an ionad i 2017


Faisnéis Staitistiúil don tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh Eanáir-Nollaig 2017						
2017	An Chéad Chlárúchán	Lánúineacha Dearbhaithe	An Chéad Seisiún	An Dara Seisiún	Líon na nIdirghabhálaithe FTE	Líon na Laethanta Idirghabhála in aghaidh na hoifige in aghaidh na míosa
Baile Átha Luain	164	83	58	272	1.2	16
Baile Bhlainséir	351	198	267	827	2	32
Caisleán an Bharraigh	100	44	56	111	0.6	8
Corcaigh	339	129	155	509	2.3	40
Dún Dealgan	114	52	56	237	0.4	12
Gaillimh	338	192	201	720	2	24
Teach Jervis	409	240	264	798	1.8	42
Leitir Ceanainn,	117	76	57	200	0.4	8
Luimneach	212	156	163	504	1.4	20
Port Laoise	142	76	99	239	0.6	10
Ráth Eanaigh	207	125	152	519	1	20
Sligeach	79	60	53	151	0.4	8
Tamhlacht	302	178	208	763	1.7	32
Trá Lí	114	89	87	242	0.6	12
Port Láirge	171	126	58	207	0.4	8
Loch Garman	189	87	112	421	0.3	16
IOMLÁN	3,348	1,911	2,046	6,720		308

De réir an tábla thuas, bhí an chéad choinne idirghabhála ag 3,822 duine (1,911 lánúin dhearbhaithe).

Feidhmiú d'idirghabhála cúirte - Teach Dolphin


I gCairteacha 7 agus 8, tugtar forbhreathnú ar na staitisticí don tseirbhís do na ceithre bliana ó 2014 go 2017.

Cairt 7- Teach Dolphin Cúirteanna & Idirghabháil 2014 go 2017



■ Iarratais chuig an DMD maidir le Cothabháil, Caomhnóireacht, Rochtain & Coimeád	10,223	9,323	7,841	8,232
■ Seisiúin Faisnéise um Idirghabháil don chéad uair	1,108	1,052	863	751
■ Seisiúin Faisnéise um Idirghabháil don dara uair	635	551	479	418
■ Chéad Chomhsheisiúin Faisnéise	435	407	348	318
■ Comhaontuithe	351	421	337	265

Cairt 8 - Teach Dolphin (Cúirt Dúiche Teaghlaigh Bhaile Átha Cliath) seisiún faisnéise agus comhaontuithe




Tá laghdú tagtha ar líon na seisiún faisnéise 'céad uaire' ó 1,108 in 2014 go 751 i 2017. Go pointe áirithe, léiríonn sé seo an laghdú atá tagtha ar iarratais a rinneadh chuig Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath ó 10,223 in 2014 go 8,323 i 2017. Bhí anailís á dhéanamh

chun tuiscint a fháil ar na cúiseanna atá leis an ráta glactha íseal idirghabhála agus na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun feabhas a chur ar an ráta sin.

Tábla 13 - Seirbhísí idirghabhála teaghlaigh atá lonnaithe i gCúirt eile

Faisnéis Staitistiúil d'idirghabháil teaghlaigh arna tionscnamh ag an gCúirt			
	An Chéad Faisnéis	An Dara Faisnéis	Comhaontuithe
Cluain Meala	20	12	7
Corcaigh	62	50	32
Dún Dealgan	20	17	2
Inis	46	38	18
Luimneach	54	23	5
An Nás	96	69	27
An tAonach	30	16	6
Iomlán	328	225	97

Cairt 9- Seisiúin faisnéise agus comhaontuithe d'idirghabháil sa Chúirt (gan Teach Dolphin san áireamh)



Tionscadail Eolais Éigeantaigh

Cuireadh tús le scéim píolótach de sheisiúin eolais éigeantaigh duine le duine i gCaisleán an Bharraigh, i mBaile Átha Luain agus i gCorcaigh idir 2014 agus 2017. Ba é an ghné éigeantach ná nárbh fhéidir le hiarratasóirí i gcás cineálacha áirithe deimhniú cúnamh dlíthiúil a fháil maidir le hionadaíocht dhlíthiúil sa chúirt go dtí go bhfreastail siad ar an oifig idirghabhála teaghlaigh le haghaidh seisiún faisnéise faoi idirghabháil mar rogha malartach seachas dul chuig an gcúirt. Cuireadh na seisiúin duine le duine seo ar fionraí ag deireadh 2017 tar éis athbhreithnithe, toisc go raibh siad mar chúis le méadú ar amanna feithimh don idirghabháil féin.

Forbraíodh Seisiúin Faisnéise Grúpa ansin mar scéim píolótach i gCorcaigh agus cuireadh tús leo i mí na Nollag 2017. Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar an tionscadal seo ag deireadh 2018. Cuirtear seisiúin eolais ghrúpa ar fáil do roinnt cliant d'ionaid dlí mar riachtanas

Comhshuíomh an Ionaid Dlí agus Oifig Idirghabhála Teaghlaigh

Cuireadh tús leis an gcéad tionscnamh um atreorú comhshuite i dTeach Jervis i bhfómhar 2016. Cuireadh prótacail i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh ráta glactha níos airde idirghabhála a éascú mar gheall ar an gcomhshuíomh.

Amanna feithimh

I dTábla 14, taispeántar na hamanna feithimh comparáideacha ag deireadh na mblianta 2012, 2013, 2014, 2015, 2016 agus 2017 mar seo a leanas:

éigeantach. Ní mór d'iarratasóirí ar chúnamh dlíthiúil maidir le hábhar dlí teaghlaigh príobháideach áirithe a bhfuil leanbh cleithiúnach acu freastal ar sheisiún faisnéise maidir leis na roghanna malartacha eile seachas próiseas na cúirte, lena n-áirítear idirghabháil, sula bhféadfar deimhniú cúnamh dhlíthiúil a dheonú dóibh chun críche imeachtaí cúirte. Go sonrach, ní mór d'iarratasóirí ar ábhar Cúirte Dúiche i gCeantar Cúirte Dúiche 19 (cathair Chorcaí) freastal, chomh maith le gach iarratasóir maidir le hábhair na Cúirte Cuarda. Ní gá d'iarrthóirí Cúirte Dúiche lasmuigh de Limistéar 19 freastal ach féadfaidh siad má roghnaíonn siad a leithéid. Ní cheanglaítear ar iarratasóirí freastal má tá an t-ábhar le dul ar aghaidh trí thoiliú nó mura bhfuil aon cheist ann faoi dhíospóid.

Leanfar le monatóireacht a dhéanamh air seo, agus déanfar athruithe ar nósanna imeachta de réir mar a mheastar iad a bheith riachtanach.

Tábla 14 - Amanna feithimh comparáideacha de réir ionaid 2012-2017

Ionad	Amanna Feithimh Deireadh 2012	Amanna Feithimh Deireadh 2013	Amanna Feithimh Deireadh 2014	Amanna Feithimh Deireadh 2015	Amanna Feithimh Deireadh 2016	Amanna Feithimh Deireadh 2017
Teach Jervis	12	12	18	4	12	16
Baile Bhlainséir	12	12	12	8	16	8
Ráth Eanaigh	12	8	12	8	16	4
Tamhlacht	12	12	14	12	8	14
Baile Átha Luain	8	8	12	8	12	24
Caisleán an Bharraigh	8	12	4	8	12	12
Corcaigh	20	12	22	12	12	24
Dún Dealgan	12	4	8	4	12	20
Gaillimh	12	12	12	8	4	16
Leitir Ceanainn,	8	12	8	8	4	16
Luimneach	12	16	8	16	12	6
Port Laoise	8	16	12	12	12	14
Sligeach	12	8	8	4	4	12
Trá Lí	8	12	12	8	20	12
Port Láirge	8	8	12	8	12	32
Loch Garman	12	12	12	12	8	12

Rinneadh athruithe áirithe i rith 2017 agus táthar ag súil go bhfeabhsóidh na hamanna feithimh do sheirbhísí idirghabhála i 2018 ar choinníoll nach dtiocfadh méadú suntasach ar an éileamh ar sheirbhísí idirghabhála.

Tionscadal Chill Chainnigh

De bhun Thionscnamh 'Fís agus Athrú' a bhí ina rannpháirtíocht leis an bhfoireann maidir leis an gcuma ar chóir don eagraíocht a bheith aici agus ar an gcaoi is fearr a fhéadfar na custaiméirí a sheirbheáil, ghlac an Bord oifig atá ann faoi láthair chun roinnt smaointe agus moltaí a thriail ionas go bhféadfar gníomhartha rathúla a mhacasamhlú ar fud líonra oifigí an Bhoird. Ba chúis amháin le Cill Chainnigh a roghnú ná an

dóchúlacht go mbeadh an Bord in ann láithreach idirghabhála in aice láimhe a bhunú faoi thús 2018. Táthar ag leanúint go gníomhach le rannpháirtíocht acadúil leis an tionscadal seo, toisc gur braitheadh go gcuirfidh an rannpháirtíocht seo in iúl don Bhard maidir leis an tslí is féidir dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le réiteach díospóidí sibhialta.

Cás-Staidéar um Idirghabháil Teaghlaigh

Rinne bean teagmháil leis an Oifig Idirghabhála Teaghlaigh ag iarraidh ar idirghabháil phráinneach. Tar éis di scaradh le déanaí bhí sé beartaithe aici filleadh ar a tír dúchais lena leanaí. Bhí toiliú a fear céile aici ar dtús maidir leis an socrú. D'athraigh sé a intinn ó shin agus bhí sé tar éis a thoiliú a tharraingt siar. Ag an am ar chuaigh an bhean i dteagmháil leis an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh, bhí an bhean trína chéile. Mhol foireann na hOifige Idirghabhála Teaghlaigh di comhairle dhlíthiúil a lorg freisin agus rinne an cliant é sin ag Ionad Dí.

Tar éis an phróisis iontógála, bhí an comhrá dírithe ar phleananna na mban chun bogadh thar lear. Baineadh úsáid as ceisteanna chun díriú ar staid na bpáistí m.sh. conas a bhí gach páiste ag déileáil leis an staid reatha agus conas a mhothaigh siad faoin staid reatha agus freisin chun cuidiú le gach páirtí ionas go n-eiseoidís le tuairimí an duine eile maidir le bogadh féideartha thar lear. Mhínigh an bhean go ndéanfadh sí gach iarracht an caidreamh idir na páistí agus a n-athair a choimeád ach bhraith sí go raibh a líonra tacaíochta teaghlaigh ag teastáil uathí chun é seo a dhéanamh. Bhí deis ag a fear céile cur síos a dhéanamh ar an eagla a bhí air maidir lena leanaí a chailleadh agus an dlúthchaidreamh a bhí aige leo. Bhí deis acu plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí tréimhsí saoire a úsáid chun am a chaitheamh leis na páistí.

Chinn an lánúin gur chóir don bhean agus do na páistí bogadh chun cónaí i dtír dúchais na mná ach d'aontaigh siad an t-aistriú a chur siar ar feadh tréimhse ama. D'aontaigh an lánúin filleadh ar idirghabháil leis an aidhm de chomhaontú scartha idirghabhála 'gach saincheist' a bhaint amach.

Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Scéimeanna Ad Hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Tá cúig Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil ann agus tá an Bord freagrach faoi láthair maidir le riarachán agus bainistíocht de trí cinn acu. Is iad seo Scéim Athbheithnithe Chomhairle Dlí Stáisiún na nGardaí, Scéim um Chúnamh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta agus Scéim Ad-hoc an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB).

Scéim Leasaithe Comhairle Dlí Stáisiún na nGardaí

Is scéim neamh-reachtúil ad hoc í seo a chuirtear ar fáil do dhaoine atá faoi choinneáil i Stáisiún an Gharda Síochána. Tá iad siúd a shásaíonn critéir áirithe i dteideal comhairle dhlíthiúil faoi Scéim Athbheithnithe Chomhairle Dlí Stáisiún na nGardaí trí chomhairliúcháin teileafóin agus / nó sa stáisiún le haturnae agus freisin le comhairle dhlíthiúil trí aturnae a bheith acu i láthair ag agallamh Garda / coimeádta. Ní mór do duine atá comhairle dlí faoin Scéim á lorg aige iarraidh ar an Oifigeach Coimeádta i Stáisiún an Gharda Síochána ina gcoinnítear iad agus an fhoirm iarratais chaighdeánach a chomhlánú ina gcuirtear mionsonraí maidir lena n-acmhainní airgeadais. Socróidh na Gardaí go rachaidh an t-aturnae i gcomhairle leis an duine atá faoi choimeád trí chomhairliúcháin teileafóin agus / nó don aturnae freastal ar an stáisiún chun buaileadh go

pearsanta leis an duine atá faoi choimeád.

I rith 2017, phróiseáil an Bord um Chúnamh Dlíthiúil 4,125 éileamh i leith os cionn 8,700 comhairliúcháin cimití Stáisiún Gardaí agus beagnach 8,900 uair an chloig chun freastal ar agallamh. Tá na figiúirí caiteachais do 2017 leagtha amach thíos agus léiríonn siad go gcoimeádtar na méaduithe bliain ar bhliain ó tháinig socruithe nua i bhfeidhm i 2014. Tá sé seo den chuid is mó mar gheall ar go bhfuil aturnaetha anois i dteideal táillí a éileamh don am a chaitear ag freastal ar agallaimh an Gharda Síochána agus aon am feithimh a bhaineann leis na hagallaimh seo chomh maith mar aon leis na táillí traidisiúnta a bhí ar fáil le haghaidh comhairliúcháin teileafóin agus sa stáisiún.

Nuair a tugadh isteach na socruithe nua i 2014, rinne an Roinn gealltanais athbheithniú a dhéanamh ar na hathbheithnithe ar an Scéim tar éis tréimhse oiriúnach chun a chinneadh an raibh gá le tuilleadh leasuithe. Tá an t-athbheithniú sin tosaithe anois agus tá baint dhíreach ag an mBord leis an bpróiseas.

Tá caiteachas iomlán na Scéime le blianta beaga anuas leagtha amach sa Tábla thíos:

**Tábla 15 - Caiteachas ar Scéim Comhairle Díl Stáisiún na nGardaí
2012-2017**

Cur síos	2012	2013	2014	2015	2016	2017**
Caiteachas	€887,000	€812,000	€1,010,000	€1,444,000	€1,711,000	€1,864,000

**áirítear CBL sna figiúirí

**Tábla 16 - Scéim Athbhreithnithe Chomhairle Díl Stáisiún na
nGardaí tuarascáil staitisticúil do 2017**

Uimh	Cur síos	Líon	2017*
1	Costas iomlán na n-éileamh a údaraíodh i mbliana		€1,527,200
2	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh i rith na bliana	4,125	€1,527,200
3	Líon iomlán na ngnóthas aturnaetha a rinne éilimh údaraithe i rith na bliana	234	€1,527,200
4	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh i rith na bliana faoi reachtaíocht na nAchtanna um Chiontuith in Aghaidh an Stáit	179	€145,100
5	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh i rith na bliana faoi reachtaíocht an Achta um Cheartas Coiriúil, 1984-2006	3,651	€1,144,300
6	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh i rith na bliana faoi reachtaíocht an Achta um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996	251	€145,700
7	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh i rith na bliana faoi reachtaíocht Alt 50 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007	44	€92,000
8	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh le haghaidh comhairliúchán amháin	2,073	€266,500
9	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh le haghaidh uaireanta freastail amháin	36	€7,900
10	Líon iomlán na n-éileamh a údaraíodh le haghaidh comhairliúchán agus uaireanta freastail	2,016	€1,252,800
11	Líon iomlán na gcomhairliúchán teileafóin aonair a údaraíodh le haghaidh íocaíochta	2,187	€86,600

*Níl CBL san áireamh sna figiúirí

Tábla 17 - Íocaíochtaí 2014, 2015, 2016, 2017

Uimh	Cur síos	2014	2015	2016	2017*
1	Meánchostas in aghaidh éileamh an aturnae	€193	€270	€330	€370
2	Meánchostas in aghaidh an chomhairliúcháin aonair	€86	€88	€90	€92
3	Costas is airde d'éileamh aonair a rinneadh a phróiseáil	€6,469	€5,876	€10,575	€9,087

*Níl CBL san áireamh sna figiúirí

An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta

Is scéim neamhrechtúil, riaracháin í an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta trína ndéantar íocaíochtaí costais dlí i gcineálacha áirithe dlíthíochta (m.sh. Iarratais Habeas Corpus (Airteagal 40) agus Eiseachadadh agus Iarratais ar Bharántas Gabhála Eorpacha) nach bhfuil clúdaithe ag cúnamh dlíthiúil sibhialta nó ag an bpríomhscéim um chúnamh dlíthiúil coiriúil. Beidh ar dhuine a lorgaíonn ionadaíocht dhlíthiúil faoin Scéim fógra a thabhairt don Chúirt ábhartha ag an tráth is luaithe is féidir go

bhfuil sé beartaithe aige iarratas a dhéanamh ar fhorálacha na Scéime. Ag brath ar chineál na n-imeachtaí agus ar chúinsí airgeadais an iarratasóra, cinnfidh an Chúirt ansin an ndéanfaí moladh don Bhord chun cúnamh dlíthiúil a dheonú. Is ceist don Bhord ansin í cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le téarmaí na Scéime, cibé acu an cúnamh dlíthiúil a dheonú nó a dhiúltú faoin Scéim.

Tá raon staitisticí a bhaineann le hoibriú na Scéime leagtha amach sna táblaí thíos:

Tábla 18 - Staitisticí Ginearálta maidir le Scéim Cúnaimh Dhlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta (neamhbhannaí) 2017

Líon	Cur síos	2017*
1	Líon na n-éileamh nua a fuair an Bord sa bhliain	200
2	Líon na n-íocaíochtaí údaraithe aonair sa bhliain	564
3	Líon na n-éileamh lenar gineadh íocaíocht sa bhliain	216
4	Costas iomlán na n-éileamh le haghaidh cásanna Oifige an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO)	€1,653,800
5	Costas iomlán na n-éileamh le haghaidh cásanna Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP)	€266,400
6	Costas iomlán na n-éileamh le haghaidh cásanna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	€24,200

7	Costas iomlán na n-éileamh le haghaidh cásanna an Coimisiún Meabhair-Shláinte (CMS)	€25,900
8	Costas iomlán na n-éileamh le haghaidh cásanna TUSLA	€27,700
9	Meánchostas in aghaidh éilimh údaraithe i mbliana	€9,250
10	Luach iomlán na n-éileamh arna n-údarú ag an mBord don Scéim *	€1,998,000

*Níl CBL san áireamh sna figiúirí

Tábla 19 - Líon na n-údaruithe aonair

Cineál íocaí	Caiteachas*	Líon na n-údaruithe aonair
Aturnae	692,000	197
Abhcóide Sóisearach	778,000	204
Abhcóide Sinsearach	472,000	81
Aistritheoir / Ateangaire	23,000	62
Finné Saineolaithe	33,000	20
Iomlán a údaraíodh	1,998,000*	564

*Níl CBL san áireamh sna figiúirí

Tábla 20 - Miondealú ar íocaíochtaí le haghaidh iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte

Uimh.	Cur síos	2016	2017**
1	Costas iomlán na n-iarratas ar Bhannaí Ard-Chúirte	€743,000	€795,500
2	Líon iomlán na Táillí Mionteagaisc a próiseáladh	2,234	2,386
3	Íocaíochtaí le haturnaetha	€440,000	€479,000
4	Íocaíochtaí le habhcóide	€300,000	€316,000
5	Íocaíochtaí le hateangairí / aistritheoirí	€1,900	€500

*Níl CBL san áireamh sna figiúirí

Tábla 21 - Miondealú ar chaiteachas iomlán na Scéime 2012 - 2017

	2012	2013	2014	2015	2016	2017**
Caiteachas	€ 3.5m	€ 3.4m	€ 3.2m	€ 2.75m	€ 3.0m	€ 3.2m

**áirítear CBL sna figiúirí

Scéim Ad-hoc an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

Is socrú riaracháin, neamhreachtúil é an Scéim CAB trína ndéantar íocaíochtaí maidir le cineálacha áirithe dlíthíochta ina gcuirtear ionadaíocht dhlíthiúil ar fáil do dhaoine a dteastaíonn sí uathu ach nach féidir leo ionadaíocht a íoc.

Is ábhar don Chúirt é an deontas cúnamh dlíthiúil faoin Scéim CAB a bhfuil an dlínse iomchuí aici chun déileáil leis an gcás ar leith, ar choinníoll go bhfuil an Chúirt sásta -

- (i) nach leor acmhainní an iarratasóra le haghaidh cúnamh dhlíthiúil chun ligean dó / di ionadaíocht dhlíthiúil a fháil ar a s(h)on féin agus,
- (ii) de bharr imthosca eisceachtúla, tá sé riachtanach, ar mhaithe le

ceartas, go mbeadh cúnamh dlíthiúil ag an iarratasóir maidir lena c(h)ás a ullmhú agus a sheoladh.

Feidhmíonn an Scéim faoi thionchar éilimh agus b'ionann an figiúr aschuir deiridh i 2017 agus €101,000 (CBL san áireamh), arb'ionann agus méadú de 2% ar an bhfigiúr de 2016. D'údaraigh an Bord íocaíochtaí i leith 8 gcás i 2017, i gcomparáid le 11 i 2016. Is féidir le cásanna a thionscnaíonn an CAB a bheith ar siúl ar feadh roinnt blianta agus d'fhéadfadh roinnt Freagróirí bheith páirteach in aon chás ar leith. Féadfaidh cásanna an CAB a bheith an-chasta agus d'fhéadfadh cás amháin tionchar suntasach a bheith acu ar na figiúirí in aon bhliain áirithe faoin Scéim.

Tábla 22 - Staitisticí ginearálta CAB 2017

Líon	Cur síos	2017*
1	Líon na gcásanna nua a fuair an Bord sa bhliain	10
2	Líon na gcásanna le híocaíochtaí údaraithe ag an mBord	8
3	Meánchostas in aghaidh éilimh údaraithe	€9,249
4	Luach iomlán na n-éileamh arna n-údarú don Scéim	€73,990

*Níl CBL san áireamh sna figiúirí

Tábla 23 - Caiteachas CAB 2012 - 2017

	2012	2013	2014	2015	2016	2017**
Caiteachas	€700,000	€382,000	€327,000	€178,000	€99,000	€101,000

**áirítear CBL sna figiúirí

Ag Tacú le Seachadadh Seirbhíse

Tacaíocht na Seirbhísí Dlíthiúla / Cúnamh Dlí Sibhialta

Tá deonú nó diúltú deimhnithe cúnamh dlíthiúil sibhialta faoi rialú ag an Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, agus na Rialacháin ghaolmhara. Le samhail oibriúcháin an Bhoird ligtear d'ionaid áitiúla dlí deimhniú um chúnamh dlíthiúil sibhialta a dheonú ar an gcuid is mó de chásanna dlí teaghlaigh na Cúirte Dúiche, agus de ghnáth ní bhíonn siad chomh casta agus chomh costasach i gcomparáid le cásanna eile. Cé go ndéileálann aturnaetha san ionad ábhartha dlí le formhór na gcásanna seo go díreach, leithdháiltear an tromlach díobh ar aturnaetha príobháideacha ar phainéal Chúirt Dúiche an Bhoird.

I gcásanna a dteastaíonn ionadaíocht sa Chúirt Chuarda nó sna hUaschúirteanna, is faoi fheidhm Sheirbhísí Dlí an Bhoird a bhíonn an fhreagracht as an bhfeidhm chinnteoireachta. Déantar an cinneadh chun cúnamh dlíthiúil a dheonú nó a dhiúltú de bhun aighneachta ó aturnaetha an chliant, ina leagtar amach na fíricí ábhartha agus ina ndéantar iarracht an dlí a chur i bhfeidhm maidir leis na fíricí siúd. Is leis na Seirbhísí Dlí, chomh maith, an t-údarás maidir le caiteachas a bhaineann leis an gcás, ar nós faisnéise a thabhairt d'abhcóidí nó tuarascálacha saineolaithe a sholáthar. Is cuid lárnach

An Coiste Achomhairc

Is fochoiste reachtúil den Bhoird é an Coiste Achomhairc a dhéanann cinneadh ar chásanna ina ndéanann

é seo de ról rialaithe costais agus rialachais na feidhme Tacaíochta.

I 2017, bhí 3,368 deimhnithe deonaithe ag feidhm Sheirbhísí Dlí an Bhoird de bhun aighneachtaí arna ndéanamh ag ionaid dlí thar ceann na n-iarratasóirí, laghdú de 4% ar an mbliain roimhe sin. Dheonaigh an tAonad 5,274 leasú ar dheimhnithe cúnamh dlíthiúil sa bhliain freisin, méadú de 8% ar an mbliain roimhe sin. Is údaruithe éifeachtacha iad na leasuithe seo le haghaidh seirbhísí breise ar dheimhniú, ar nós abhcóide nó tuairisc leighis. Deonaíodh 565 údarú ar chásanna sula ndearnadh cinneadh maidir le cibé an ndeonfaí nó nach ndeonfaí deimhniú um chúnamh dlíthiúil; rinneadh iad seo, go príomha, chun tuairim a lorg ó abhcóide a éascú chun cabhrú le tuillteanais roinnt cásanna a dheimhniú.

Rinneadh 240 diúltú foirmiúil ar chúnamh dlíthiúil maidir leis na critéir tuillteanais i 2017, agus rinneadh 64 diúltú breise do leasuithe agus údaruithe eile. Tá an ceart ag iarratasóirí a ndiúltaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil nó leasú dóibh maidir le seirbhísí breise a sholáthar, chun achomharc a dhéanamh le Coiste Achomhairc an Bhoird Tá mionsonraí faoi líon na gcásanna a ndearnadh achomharc orthu agus na torthaí leagtha amach thíos.

duine achomharc i gcoinne cinnidh an fheidhmeannais.

Baineann an chuid is mó de na cásanna a thagann os a chomhair le cinntí chun deimhnithe um chúnamh dlíthiúil a dhiúltú.

I 2017, tháinig an Coiste le chéile 15 uair agus bhreithnigh sé 169 achomharc.

Díobh seo, seasadh le cinneadh an fheidhmeannais i 131 cás.

Bhí 35 achomharc ann inar aisiompaíodh an bunchinneadh. I 11 cás, dheonaigh an Coiste tarscaoileadh iomlán nó páirteach de chostais nó ranníocaíochtaí (as 17 tarscaoileadh a lorgaíodh).

I dTábla 24 thíos tugtar cuntas ar an staid.

Tábla 24 - Achomhairc

	2013	2014	2015	2016	2017
Líon iomlán na n-achomharc	156	165	146	129	169
Líon na gcinntí ar seasadh leo	116	131	111	105	131
- Critéir airgeadais	12	33	31	34	57
- Critéir thuilleamh	104	98	80	71	74
Líon na gcinntí a aisiompaíodh	38	26	31	23	35
Achomhairc a aistarraingíodh/a réitíodh	1	6	4	1	3

Nochtadh faoi Chosaint

Tá beartas ag an mBord maidir le tuairisciú um nochtadh cosanta san ionad oibre chun forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 a chomhlíonadh.

suas Shínigh an Bord le clár "Ionracas san Ionad Oibre (*Integrity at Work*)" de chuid Transparency International Ireland i 2017.

Leagtar amach sa Bheartas seo na prionsabail atá mar bhonn agus taca le forbairt agus cothabháil cultúir eiticiúil san eagraíocht agus sonraí oibríochtúla ar conas a d'fhéadfadh oibríthe sa Bhord nochtadh cosanta a dhéanamh, agus conas a d'fhéadfadh an nochtadh sin a bhreithniú. Tá

faighteoir rúnda ceaptha ag an mBord. Tuairiscíodh nochtadh amháin don fhaighteoir rúnda i 2017 atá faoi imscrúdú.

Iníúchadh inmheánach

Chuir na hiniúcháirí inmheánacha tuarascálacha ar iniúchtaí ar na hIonaid Dlí a leanas faoi bhráid Choiste Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird ionas go ndéanfaidh an Coiste breithniú orthu: Baile Átha Luain, Corcaigh Thuaidh. Corcaigh Theas, Gaillimh, Sráid Ghairdinéir, Cill Chainnigh, an Longfort, Tulach Mhór, Ionad Faillí Leighis, Sligeach, Tulach Mhór, Loch Garman, Cluain Dolcáin, Port Laois, Fionnghlas, Muineachán,

Baile Bhainséir agus an Uaimh. Cuireadh iniúchtaí ar na Seirbhísí Idirghabhála Teaghlaigh i Ráth Eanaigh i láthair chomh maith. Ní dhearna aon chinn de na hiniúchtaí a tháinig chun solais i rith na bliana aon torthaí ábhartha a chur i láthair. Tugadh na freagairtí faoi deara agus níorbh ann d'aon torthadh ábhartha.

Bainistíocht Airgeadais

Tá Aonad Airgeadais an Bhoird freagrach as bainistíocht airgeadais na heagraíochta. I rith 2017, lean an tAonad ag tacú le hobair an Bhoird trí chórais chuntasaíochta éifeachtacha a chothú. Cuireadh tuarascálacha airgeadais rialta, chomh maith le tuarascálacha tréimhsiúla ina ndearnadh anailís ar chaiteachas, ar fáil don lucht Bainistíochta, do Choiste Airgeadais an Bhoird agus don Bhord chun cabhrú leo bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar bhuiséad an Bhoird. D'éascaigh an tAonad an t-iniúchadh bliantúil a dhéantar thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Dhírigh Aonad TFC an Bhoird i rith 2017 go príomha ar fheabhas a chur ar

fheidhmíocht chóras bainistíochta cásanna EOS le haghaidh cásanna cúnaimh dhlíthiúil sibhialta. Tugadh faoi anailís mhionsonraithe ar bhonneagar agus códúchán an chórais, agus thug sé seo an bonn do shraith feabhsuithe feidhmiúcháin.

Rolladh amach córas bainistíochta do cásanna nua le haghaidh seirbhís idirghabhála an Bhoird.

Chuaigh an Bord i dteagmháil le Líonraí Rialtais agus le conraitheoirí seachtracha ar chéim shonraithe tionscadail a ligfidh do chumarsáid idir-oifige an Bhoird bogadh go líonra príobháideach fíorúil an Rialtais (VPN). Nuair atá sé curtha i bhfeidhm, tabharfaidh sé seo coigilteas suntasach ar chostais teileachumarsáide.

Scéim na dTeangacha Oifigiúla

Tá an dara Scéim leasaithe i bhfeidhm ó Lúnasa 2014 ar aghaidh. Leanann an Bord le monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar an Scéim seo. Ba í an phríomhfhorbairt a tharla le linn 2017 ná oiliúint a chur ar 10 mball foirne sa Ghaeilge Ghairmiúil. Seachadadh leibhéal na hoiliúna ag leibhéal éagsúla ag brath ar inniúlacht an bhall foirne. Chuir Gaelchultúr an oiliúint ar fáil.

Úsáid Fuinnimh 2017

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2017

Tá an Bord faoi láthair ag comhlíonadh lena oibleagáid reachtúil chun ídiú fuinnimh a laghdú de 33% faoi 2020 (thar bhunlíne 2009). Déantar tuairisceáin chuig Údarás Fuinnimh

Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar bhonn bliantúil, agus tá an scórchárta feidhmiúcháin, bunaithe ar na tuairisceáin seo leagtha amach thíos.

D'úsáid na hoifigí a áirítear sa tuarascáil seo na leibhéil fuinnimh seo

a leanas le trí bliana anuas:

Tábla 25 - Ídiú Fuinnimh


Bliain	Leictreachas (kWh)	Gás (kWh)	Ola (Lítir)
2017	1,499,389	95,268	15,254
2016	1,558,739	115,647	17,000
2015	1,523,587	120,859	17,000

Tionscnaimh a glacadh i rith 2017

Lean an Bord, le linn 2017, ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) trína bhfeachtas Optimizing Power @ Work chun díriú ar fheachtais

feasachta foirne, athrú iompraíochta agus tionscadail mhion-oibreacha a ghineann coigiltis maidir le húsáid fuinnimh.

Dul chun cinn i gcoinne bunlíne (2009 go deireadh 2017)



Energy Performance Indicators - 2017

